2024/1855

4.7.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1855 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Iúil 2024**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh an ráitis faoi stair na n-éileamh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas in aghaidh dliteanas sibhialta i leith úsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú in aghaidh an dliteanais sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 16, an séú mír, de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé de cheart ag sealbhóirí polasaí árachais i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí ráiteas a iarraidh tráth ar bith maidir leis na héilimh dliteanais tríú páirtí a bhaineann le haon fheithicil atá cumhdaithe ag an gconradh árachais le linn na 5 bliana roimhe sin ar a laghad den ghaol conarthach, nó maidir le heaspa éilimh den sórt sin a bheith ann ('ráiteas faoi stair na n-éileamh').

(2) Leasaíodh Treoir 2009/103/CE le Treoir (AE) 2021/2118 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) chun, *inter alia*, cumhacht a thabhairt isteach don Choimisiún foirm agus ábhar an ráitis faoi stair na n-éileamh a shonrú trí bhíthin teimpléid.

(3) Ba cheart foirm agus ábhar a bheith ag an ráiteas faoi stair na n-éileamh lenar féidir é a aithint go héasca ar fud an Aontais, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnóthais árachais agus do shealbhóirí polasaí araon. Ba cheart an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 16 de Threoir 2009/103/CE a bheith ann, agus é teoranta don fhaisnéis is gá i ndáil leis na críocha ar chucu a eisítear é. Ós rud é go bhfuil sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh maidir le lascainí, amhail córais '*bonus-malus*', ba cheart a bheith in ann sainiúlachtaí den sórt sin a léiriú le foirm agus ábhar an ráitis faoi stair na n-éileamh.

(4) Chun ábhar an ráitis faoi stair na n-éileamh a shocrú, reáchtáil an Coimisiún comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí cheardlann do pháirtithe leasmhara agus trí chomhairliúchán oscailte. Thairis sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit tríd an Sainghrúpa tiomnaithe maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas. Rinne an Coimisiún anailís ar na torthaí maidir le dlíthe agus cleachtais sna Ballstáit a bailíodh ó na comhairliúcháin sin a mhéid a bhaineann lena n-ábharthacht chun teimpléad comhchuibhithe a shocrú. Chuathas i gcomhairle freisin le saineolaithe agus ionadaithe na mBallstát maidir leis na conclúidí a bhain an Coimisiún as an gcleachtadh tosaigh um bhailiú faisnéise. Dá bhrí sin, bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe ábhartha uile.

([1]) IO L 263, 7.10.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/103/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([3]) Treoir (AE) 2021/2118 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 lena leasaítear Treoir 2009/103/CE maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus maidir le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 430, 2.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/2118/oj).

(5) Chun ábhair imní maidir leis an gcomhshaol a chur san áireamh agus chun costais riaracháin a laghdú, ba cheart ráitis faoi stair na n-éileamh a eisiúint go leictreonach mar réamhshocrú. Mar sin féin, arna iarraidh sin don sealbhóir polasaí, ba cheart iad a sholáthar i bhfoirm páipéir freisin.

(6) Maidir le gnóthais árachais agus na comhlachtaí arna gceapadh ag na Ballstáit chun árachas éigeantach a sholáthar nó chun ráitis faoi stair na n-éileamh a sholáthar, d'fhonn dóthain ama a thabhairt dóibh chun a gcleachtais reatha a bhaineann le ráitis faoi stair na n-éileamh a oiriúnú, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Eiseofar an ráiteas faoi stair na n-éileamh i bhfoirm an teimpléid a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn, agus líonfar isteach é i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn.

Cuirfear an ráiteas faoi stair na n-éileamh ar fáil go leictreonach. Arna iarraidh sin don sealbhóir polasaí, soláthrófar an ráiteas faoi stair na n-éileamh i bhfoirm páipéir freisin, saor in aisce.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Iúil 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

CUID A

**RÁITEAS FAOI STAIR NA nÉILEAMH**

Eisítear an ráiteas faoi stair na n-éileamh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas in aghaidh dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin.

| A. **Céannacht eisitheoir an ráitis faoi stair na n-éileamh** | | |
|---|---|---|
| 1. Ainm dlíthiúil | | |
| 2. An Ballstát | | |
| 3. Uimhir chlárúcháin nó bunús dlí | | |
| 4. Sonraí teagmhála | Seoladh | |
| | Seoladh Ríomhphoist | |
| | Fón | |

| B. **Céannacht agus faisnéis teagmhála an tsealbhóra polasaí** | |
|---|---|
| 5. Ainm agus sloinne/sloinnte nó ainm dlíthiúil | |
| 6. Dáta breithe (LL/MM/BBBB) | |
| 7. Uimhir Aitheantais | |
| 8. Sonraí teagmhála | |

| C. **Feithicil/Feithiclí faoi árachas** | | | |
|---|---|---|---|
| 9. Catagóir na feithicle | 10. Déantús na feithicle | 11. Uimhir aitheantais feithicle | 12. Uimhir chlárúcháin feithicle nó aitheantóir eile na feithicle |
| | | | |

| D. **Conradh/Conarthaí árachais** | | | |
|---|---|---|---|
| 13. Gnóthas árachais | 14. Uimhir an bheartais | 15. Dáta tosaigh an chumhdaigh (LL/MM/BBBB) | 16. Dáta deiridh an chumhdaigh (LL/MM/BBBB) |
| | | | |

| E. **Éileamh/Éilimh** | | | |
|---|---|---|---|
| 17. Dáta/Dátaí na timpiste/na dtimpistí (LL/MM/BBBB) | 18. An líon éileamh | 19. An líon éileamh arna socrú | 20. Dliteanas comhroinnte (TÁ/NÍL) |
| | | | |

| F. **Faisnéis bhreise faoi na rialacha nó na cleachtais is infheidhme sna Ballstáit atá ábhartha maidir le lascainí préimhe nó pionóis phréimhe, agus maidir le socruithe conarthacha a mbíonn tionchar acu ar ríomh na bpréimheanna** |
|---|
| 21. |

| H. **Dáta agus síniú** | |
|---|---|
| 22. Ainm an tsínitheora | |
| 23. Suíomh agus dáta (LL/MM/BBBB) | |
| 24. Síniú | |

CUID B

**Treoracha maidir leis an ráiteas faoi stair na n-éileamh a líonadh**

### Roinn A: Céannacht eisitheoir an ráitis faoi stair na n-éileamh

Déanfaidh an t-eintiteas a eiseoidh an ráiteas faisnéis atá ábhartha chun é a shainaithint a líonadh isteach faoi Roinn A.

Faoi mhír 1, cuirfidh an t-eisitheoir in iúl freisin an gnóthas árachais nó comhlacht eile é atá cumhachtaithe chun ráitis faoi stair na n-éileamh a eisiúint.

Faoi mhír 2, cuirfidh an t-eisitheoir an cód tíre in iúl, i bhfoirm chód tíre ISO-alpha-2, lena sainaithnítear an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe.

Faoi mhír 3, soláthróidh árachóir a uimhir chlárúcháin dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta nó ar bhealach is gnách sa Bhallstát ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe, agus cuirfidh comhlacht an bunús dlí ábhartha in iúl lena dtugtar an chumhacht dó ráitis faoi stair na n-éileamh a eisiúint.

### Roinn B: Céannacht agus faisnéis teagmhála an tsealbhóra polasaí

Maidir le faisnéis faoin sealbhóir polasaí, ní líonfar ach réimsí a chomhfhreagraíonn do mhíreanna ábhartha.

I mír 5 beidh ainm agus sloinne na sealbhóirí polasaí ar daoine nádúrtha iad, agus ainm dlíthiúil na sealbhóirí polasaí ar daoine dlítheanacha iad.

Líonfar mír 6 i gcás daoine nádúrtha. Féadfar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár i gcás inar gnách uimhir aitheantais le haghaidh daoine nádúrtha a úsáid sa Bhallstát ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe agus ina soláthraítear an uimhir sin faoi mhír 7.

Ní dhéanfar mír 7 a líonadh ach amháin i gcás daoine dlítheanacha a bhfuil aitheantóir acu dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta nó ar bhealach is gnách sa Bhallstát ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe. Féadfar í a líonadh freisin i gcás daoine nádúrtha i gcás inar gnách uimhir aitheantais a úsáid sa Bhallstát ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe, i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a bhaineann le huimhir aitheantais náisiúnta a phróiseáil nó le haon aitheantóir eile a bhfuil feidhm ghinearálta aige a phróiseáil.

Faoi mhír 8, ceanglaítear ar an eisitheoir an fhaisnéis teagmhála a sholáthraíonn an sealbhóir polasaí a chur in iúl má iarrtar sin air.

**Roinn C: Feithicil/Feithiclí faoi árachas**

I Roinn C beidh faisnéis atá ábhartha maidir le sainaithint na feithicle nó na bhfeithiclí a bhfuil a húsáid nó a n-úsáid cumhdaithe ag an gconradh árachais nó ag na conarthaí árachais. Cuirfear gach feithicil in iúl i líne ar leithligh.

Líonfar mír 9 le catagóir na feithicle:

A: Carr

B: Gluaisrothar

C: Leoraí nó tarracóir

D: Rothar atá feistithe le hinneall cúnta

E: Bus

F: Leantóir

G: Eile

Líonfar mír 10 le déantús na feithicle. Is féidir an tsamhail a chur in iúl freisin.

Líonfar mír 11 maidir leis an Uimhir Aitheantais Feithicle (VIN) nuair a bheidh sí ar fáil don eisitheoir.

Líonfar mír 12 maidir le huimhir chlárúcháin na feithicle nuair a bheidh sí ar fáil don eisitheoir. I gcás nach bhfuil uimhir chlárúcháin na feithicle ná an Uimhir Aitheantais Feithicle ar fáil, cuirfear aitheantóirí eile na feithicle in iúl ina n-ionad, mar atá an uimhir fonnaidh, an uimhir innill nó an tsraithuimhir.

**Roinn D: Conradh/Conarthaí árachais**

Leis an bhfaisnéis faoi Roinn D, sainaithneofar roinnt príomhghnéithe den chonradh/de na conarthaí. D'fhéadfadh roinnt conarthaí a bheith san áireamh ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-eisitheoir ar an eolas fúthu. Cuirfear gach conradh in iúl i líne ar leithligh. I gcás nach gnóthas árachais é eisitheoir an ráitis faoi stair na n-éileamh, liostófar an t-árachóir ábhartha faoi mhír 13.

Ciallaíonn an dáta tosaigh an dáta a thosaíonn an cumhdach árachais arna sholáthar leis an gconradh. Ciallaíonn dáta deiridh an chonartha an dáta a thiocfaidh deireadh leis an gcumhdach árachais. In éagmais dáta deiridh aitheanta den chonradh, beidh an tagairt 'anaithnid' ann i mír 16.

**Roinn E: Éilimh**

Faoi mhír 17, cuirfidh an t-eisitheoir dáta/dátaí na timpiste/na dtimpistí in iúl, más ann dóibh.

Faoi mhír 18, cuirfidh an t-eisitheoir líon na n-éileamh in aghaidh na timpiste in iúl. I gcás nach bhfuil aon éileamh ann, cuirfear é sin in iúl go soiléir.

Faoi mhír 19, cuirfidh an t-eisitheoir líon na n-éileamh arna socrú in aghaidh na timpiste in iúl.

Áireofar i mír 20 faisnéis lena léirítear nach bhfuil an sealbhóir polasaí faoi dhliteanas iomlán i leith an damáiste a dhéantar i dtimpiste (i.e. go bhfuil an cóimheas dliteanais níos ísle ná 100 %) i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin i seilbh an árachóra.

**Roinn F: Tosca ábhartha eile**

Le Mír 21 is féidir le heisitheoirí faisnéis bhreise atá ábhartha faoi na rialacha nó na cleachtais is infheidhme i mBallstát a mhionsonrú. Áireofar leis sin aon fhaisnéis atá ar fáil don eisitheoir atá ábhartha chun lascainí préimhe nó pionóis phréimhe a mheas faoin dlí náisiúnta atá ann cheana, faoi chleachtais náisiúnta atá ann cheana nó faoi shocruithe conarthacha sonracha atá ann cheana a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a ríomhtar préimh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin faisnéis maidir le tiománaithe ainmnithe agus cé acu ba chúis nó nár chúis leis an tionóisc iad.